A Niocláis, nocht an gcláirsigh!

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 25]

1 A Niocláis, nocht an gcláirsigh!
léig imtheacht don fhuaráin-sin;
seinn ilcheóla naoidhe anos,
faoidhe ó n-imtheógha m’fhiabhras.

2 Aisdrigh na slighthe seanma,
tráigh ar ttuile mímheanma,
coisgthe dheid d’eólchaire inn,
leig don cheólchroidhe cuislinn.

3 Toigébhaid téda do chroinn
seól aigeanta d’aos mearbhaill;
lúth na healbha ót ocht méraibh,
socht ar meanma moisgélaidh.

4 Mná ré n-iodhnaibh, aos galair,
codlaid léd cheól síodhamhail;
an tráth nochta an gcruit gcoraigh,
luit chorcra ní cronaghair.

5 Ní thabhair aon dá aire
an nasg do-ní an sgallaire,
ré bruach bhar srotha seanma,
náid gotha cuach gCéiteamhna.

6 Cia an díthreabh nó an dionn folaigh,
cia an síodh trá a ttarrabhair
barr do chara ar an gceól gcrot,
nárbh eól dá rabha romhat?

7 An í do mhúin díoghrais duit,
lámh Chraiftine an cheóil ordhruic,
siansa do mheóir ar mhodhaibh,
nó is d’iarsma cheóil Chaschoraigh?

8 Nó an gcualabhair cuid dar sheinn
an tí rug ó dhoilbh Doirinn,
lér lean sibh an séis bportaigh
ó sin tar éis Ábhartaigh?

9 Nó an é fós fuarais d’oide
rí an chiúil, céile Bhláthnaide,
dá gcoimhchreideadh an fáidh Fionn,
tar bháigh oirfideadh Éireann?

10 Nó an tnúth oirfideach oile
dá raibhe a tTír Tarngaire
do chuir as na síodhaibh sibh,
a ndíoghail do chuir chaoinchigh?

11 Más don fhior as fhearr cridhe
gealltar an ghlóir ainglidhe,
fear do dhaigcridhe do dhligh
neamh, a Chraibhtine Chaisil.

12 Balsam cobhartha cédfadh,
liaigh don teidhm nach taisbéntar,
cosg fiabhrasa ré bel mbáis,
do mhér niamhdhasa, a Niocláis.